

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13076/26

PROBA 27
DEVGEN 148
FORETS 125
ENV 1062
WTO 91

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	11 Meán Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 454 final
Ábhar:	Moladh le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó ionstraim eile a thíocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 454 final.

Faoi iamh: COM(2026) 454 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.9.2026
COM(2026) 454 final

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena n-údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó
ionstraim eile a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad
Trópaiceach**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN MHOLTA

• Forais agus cuspóirí an mholta

Baineann an moladh seo le cinneadh lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiofadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTA) 2006.

Is é is aidhm do ITTA 2006 bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe foraoisí trópaiceacha a chur chun cinn, mar aon le leathnú agus éagsúlú na trádála idirnáisiúnta in adhmad trópaiceach ó fhoraoisí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a bhuantar go dleathach. Is é ITTA is bunús leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTO), a fhorbraíonn treoirlínte arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta chun trádáil fhreagrach adhmaid thrópaicigh agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn, a chabhraíonn leis na Ballstáit caighdeáin ábhartha a oiriúnú agus a chur chun feidhme, a bhailíonn agus a scaipeann sonraí maidir le táirgeadh agus trádáil adhmaid thrópaicigh, a chuireann slabhraí soláthair inbhuanaithe chun cinn, agus a chuireann le hacmhainneacht san fhoraoiseacht thrópaiceach. Tá na gnéithe sin tábhachtach chun tacú le feidhmiú cuí, trédharcacht, intuarthacht agus inbhuanaitheacht mhargadh idirnáisiúnta an adhmaid thrópaicigh.

Tháinig ITTA 2006¹ i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011 ar feadh tréimhse 10 mbliana, cuireadh síneadh leis ar feadh tréimhse 5 bliana² agus ansin ar feadh tréimhse 3 bliana eile³. Ní dhéantar foráil in ITTA 2006 maidir le haon síneadh tar éis an 6 Nollaig 2029. Is páirtí é an tAontas Eorpach in ITTA 2006⁴.

De réir Airteagal 44 de ITTA 2006, tá sé d'údarás ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach (ITTC) tús a chur leis an bpróiseas maidir le Comhaontú nua a chaibidliú, agus an próiseas a threorú. Ar an mbonn sin, sheol ITTCanna 60 agus 61 chomhairliúchán neamhfhoirmiúil. Féadfar caibidlíocht fhoirmiúil a dhéanamh agus Comhaontú nua a thabhairt i gcrích trí ghrúpa caibidlíochta idir-rialtasach, faoi choimirce Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD), mar a tharla i gcás an ITTA atá ann faoi láthair agus a réamhtheachtaithe.

Na comhaltaí ITTO atá ann faoi láthair, tá siad freagrach as thart ar 80 % d'fhoraoisí trópaiceacha an domhain agus as níos mó ná 90 % den trádáil in adhmad agus i dtáirgí adhmaid. An 23 Iúil 2026, áfach, thug na Stáit Aontaithe fógra foirmiúil do thaisclann na Náisiún Aontaithe go raibh siad ag tarraingt siar as ITTO. Rinneadh an tarraingt siar sin i gcomhthéacs cinneadh níos leithne chun roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta a fhágáil. Is iad comhaltaí uile ITTO atá in ITTC. Tá dhá chatagóir ballraíochta ag ITTO: táirgeoir agus tomhaltóir.

Tá 2 000 vóta san iomlán ag comhaltaí ITTC (1 000 vóta araon atá ag táirgeoirí agus tomhaltóirí). Déantar ranníocaíochtaí bliantúla agus vótaí a dháileadh go cothrom ar an dá chácas sin. Laistigh de gach cácas, ríomhtar táillí agus vótaí comhaltaí aonair ar bhonn a sciartha i dtrádáil adhmaid thrópaicigh agus, i gcás táirgeoirí, ar bhonn mhéid na bhforaoisí trópaiceacha laistigh den tír, cé is moite de chomhaltaí na hAfraice, a bhfuil an méid céanna

¹ [ITTA2006 English.doc](#)

² Cinneadh ITTC 4(LVII), [topics_id=6960&no=1&disp=inline](#)

³ Cinneadh ITTC 1(LIX.1), [topics_id=7862&no=1&disp=inline](#)

⁴ [Cinneadh - 2007/648 - GA - EUR-Lex](#)

vótaí acu uile, agus an rannchuidiú measúnaithe céanna. Íocann an tAontas an sciar measúnaithe is mó de na ranniocaíochtaí (a íocann an Coimisiún le haghaidh gach Ballstáit) le buiséad riaracháin ITTO, agus is aige atá an líon is airde vótaí (chomh maith leis an líon is airde comhaltaí ar tomhaltóirí iad).

De bhun Airteagal 7(a), féadfaidh ITTC cinntí a dhéanamh freisin gan teacht le chéile.

Cuireadh tús leis an bplé maidir le ITTA nua cheana féin in 2024, lena n-áirítear plé i ‘Meitheal Ullmhúcháin’. Ar bhonn an phlé sin, meastar gur mian le go leor Páirtithe leanúint de ITTO gan athrú a dhéanamh ar na cuspóirí, tríd is tríd. Chinn an 61ú ITTC gur chruinniú ar an láthair a bheadh sa chéad chruinniú den Choiste Ullmhúcháin maidir le ITTA a chaibidliú, agus go dtionólfai é i gcomhar leis an 62ú ITTC an 9-14 Samhain 2026 in Yokohama na Seapáine. Déanfaidh an Coiste Ullmhúcháin sin tuilleadh plé neamhfhoirmiúil roimh an gcaibidlíocht fhoirmiúil, plé a mheastar a bheidh ar siúl faoi choimirce UNCTAD.

Is moladh é seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach maidir le comhaontú idirnáisiúnta a thiocfaidh in ionad ITTA 2006. Má éiríonn leis an gcaibidlíocht maidir le comhaontú comharba, féadfaidh an Coimisiún tograí a thíolacadh le haghaidh cinntí ón gComhairle de bhun Airteagal 218(5) agus (6) de CFAE lena n-údaraítear síniú agus tabhairt i gcrích an ITTA nua thar ceann an Aontais. Mar sin féin, d’fhéadfadh tograí den sórt sin a bheith ag brath ar athdhearbhuithe iomchuí (laistigh nó lasmuigh d’ábhar an Chomhaontaithe chaibidlithe) a bheith faighte maidir le príomh-shaincheistanna atá fós gan réiteach, go háirithe neamhíoc i ndáil le grúpa nach beag tíortha agus leibhéil ísle rannpháirtíochta in ITTC. Féadfaidh athdhearbhuithe den sórt sin a bheith ina gcuid de na torthaí caibidlithe, agus a bheith lasmuigh den téacs dlíthiúil chomh maith.

D’fhéadfadh sé gur mhian le ITTC62 nó leis an gcomhlacht caibidlíochta féachaint an bhféadfaí cuspóirí ITTO a bhaint amach trí ionstraim mhalartach, e.g. ionstraim nach bhfuil bunaithe ar chonradh, a bheadh lasmuigh de raon feidhme an mholta seo.

Tá treoracha caibidlíochta san Aguisín a ghabhann leis an moladh.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

An seasamh atá beartaithe, tá sé comhsheasmhach le beartais agus reachtaíocht an Aontais, amhail:

Beartas Trádála an Aontais⁵, go háirithe i leith saorthrádail chóir.

Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraioisiú (RAEDF)⁶ arb é is aidhm dó an dífhoraioisiú a laghdú agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraioisí a chur chun cinn. Le RAEDF cuirtear de cheanglas ar chuideachtaí freisin dícheall cuí a dhéanamh maidir lena slabhraí soláthair.

Straitéis Foraoise an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030⁷, arb é is aidhm di foraoisí agus a seirbhísí éiceachórais a chosaint, rannchuidiú le geilleagar nua-aimseartha, aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, agus ceantair thuaithe bhríomhara a chaomhnú.

Teachtaireacht ón Aontas⁸ maidir le dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú.

⁵ COM(2021)66 final: Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach

⁶ Rialachán (AE) 2023/1115 maidir le táirgí gan dífhoraioisiú

⁷ COM(2021)572: Straitéis nua Foraoise an Aontais le haghaidh 2030

Plean gníomhaíochta AE i ndáil le Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí⁹ arb é is aidhm dó an lománaíocht neamhdhleathach a chomhrac agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn.

Rialachán athbhreithnithe (2024) maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht (ÚTAÚTF)¹⁰ lena spreagtar caomhnú, athbhunú agus athléimneacht foraoisí agus lena gcuirtear faireachán agus tuairisciú trédhearcach chun cinn.

An sásra um Astaíochtaí a Laghdú a Leanann Dífhoraísiú agus Díghrádú Foraoisí (REDD+)¹¹ lena gcaomhnaítear agus lena neartaítear an ról atá ag foraoisí trópaiceacha maidir le maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú dó agus forbairt.

Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030¹², go háirithe an sprioc chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i ngach cineál foraoise, agus gach foraois phríomhúil agus foraois seanfháis de chuid an Aontais atá fágtha a chosaint go docht.

Dlí Aeráide an Aontais¹³ lena n-aithnítear ról na bhforaoisí mar linnte, stóráil agus ionadú carbóin, a rannchuidíonn le gáis ceaptha teasa san atmaisféar a laghdú.

Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) an Aontais¹⁴ a thacaíonn le hidirghabhálacha le haghaidh foraoisí, cruthú agus athghiniúint córas agraforaoiseachta, cosaint, athbhunú agus feabhsú acmhainní foraoise, bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, chomh maith le hinfheistíochtaí chun caomhnú agus athléimneacht foraoisí a fheabhsú agus chun seirbhísí éiceachórais foraoise a sholáthar.

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

An Comhaontú Glas don Eoraip ón Aontas arb é is aidhm dó an Eoraip a chlaochlú ina geilleagar aeráidneodrach, tíosach ar acmhainní agus iomaíoch, beartais an Aontais a ailíniú le cuspóirí Chomhaontú Pháras agus freagairt d'éileamh na saoránach ar ghníomhú níos láidre ar son na haeráide.

⁸ COM(2019)352 final: Dlús a chur le Gníomhaíocht an Aontais chun Foraoisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú

⁹ COM(2003)251 final: Forfheidhmiú an Dlí, Rialachas agus Trádáil i dtaca le Foraoisí — Togra le haghaidh Plean Gníomhaíochta AE

¹⁰ Rialachán (AE) 2018/841 (ÚTAÚTF) maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh; Rialachán (AE) 2023/839 (leasú)

¹¹ UNFCCC (2013), Creat Vársá maidir le REDD+, Cinntí 9/CP.19–15/CP.19, arna nglacadh ag Comhdháil na bPáirtithe ag a 19ú seisiún (COP19), Vársá, an Pholainn.

¹² COM/2020/380 final: Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 An dúlra a thabhairt ar ais inár saol

¹³ Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (“An Dlí Aeráide Eorpach”)

¹⁴ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• Bunús dlí substainteach

Is é Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 192(1) de CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcomhaontú atá beartaithe.

Is é is aidhm don chomhaontú atá beartaithe tacú leis an trádáil idirnáisiúnta in adhmaid trópaiceach. Leis an gcomhaontú, chuirfí chun cinn leathnú agus éagsúlú na trádála in adhmaid trópaiceach ó fhoinsí a bhainistítear go hinbhuanaithe agus a bhuantar go dleathach, thacófaí le trédhearcacht agus intuathacht sa trádáil sin, agus dhéanfaí foráil maidir le bailiú agus scaipeadh sonraí faoi tháirgeadh agus trádáil adhmaid thrópaicigh. Tacaíonn sé freisin le rialacha, treoirlínte agus sásraí comhair arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta, lena n-éascaítear feidhmiú an mhargaidh agus lena gcuirtear slabhraí soláthair freagracha chun cinn. Tá na gnéithe sin an-ábhartha maidir leis an gcomhbheartas tráchtála.

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú freisin bainistiú agus caomhnú inbhuanaithe foraoisí trópaiceacha a chur chun cinn, ar cuspóirí comhshaoil iad a thagann faoi raon feidhme Airteagal 192(1) de CFAE, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí chúnamh a thabhairt do na tíortha is comhaltaí caighdeáin chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a oiriúnú agus a chur chun feidhme agus slabhraí soláthair inbhuanaithe a chur chun cinn.

Tá tábhacht ag baint leis an gcuspóir trádála agus an cuspóir comhshaoil araon, agus ní féidir ceachtar díobh a mheas mar fhochuspóir de chuid an chuspóra eile, agus mar sin amháin.

Ní mheastar go mbeidh difríocht mhór idir raon feidhme an chomhaontaithe atá beartaithe agus raon feidhme an chomhaontaithe atá ann faoi láthair. Bhí ballraíocht an Aontais sa chomhaontú atá ann faoi láthair agus an sainordú dá chaibidlíocht bunaithe freisin ar Airteagal 207(4) agus ar Airteagal 192(1) araon.

Amhail an ITTA atá ann faoi láthair, ITTA 2006, ba cheart solúbthacht a bheith ann le comhaontú comharba chun freagairt do dheiseanna agus do bhagairtí a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus d'fhéadfadh baint a bheith aige sin leis an ngné thrádála agus leis an ngné chomhshaoil araon.

Bunús dlí don nós imeachta

Le hAirteagal 218(3) de CFAE, i gcásanna nach mbaineann an comhaontú atá beartaithe go heisiach ná go príomha leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, foráiltear go gcuirfidh an Coimisiún moltaí faoi bhráid na Comhairle. Glacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais nó ceannaire fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Foráiltear le hAirteagal 218(4) de CFAE go bhféadfaidh an Chomhairle teoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí agus coiste speisialta a ainmniú chun dul i gcomhairle leis an idirbheartaí.

Molann an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht laistigh den Chomhairle Idirnáisiúnta um Adhmaid Trópaiceach maidir le comhaontú idirnáisiúnta a chuirfear in ionad ITTA 2006. Is é an Coimisiún a ainmneofar mar idirbheartaí.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(3) agus (4) de CFAE an bunús dlí nós imeachta atá leis an gcinneadh atá beartaithe lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir leis an gcomhaontú atá beartaithe.

Roghnú an idirbheartaí

Ós rud é nach gcomhdaítear leis an gcomhaontú atá beartaithe ach ábhair nach n-áirítear leo an comhbheartas eachtrach agus slándála, ba cheart an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí de bhun Airteagal 218(3) de CFAE.

Inniúlacht an Aontais

Tá an inniúlacht i réimse na trádála eisiach de bhun Airteagal 3(1)(e) de CFAE (comhbheartas tráchtála).

Ní luaitear ‘beartas foraoise’ go sainráite sna Conarthaí, ach tá raon inniúlachtaí comhroinnte ag an Aontas a bhaineann le foraoisí, amhail an aeráid, an comhshaol, forbairt tuaithe, agus tá na hinniúlachtaí sin feidhmithe aige trí ionstraimí éagsúla, amhail Rialachán (AE) 2021/1119 (an Dlí Aeráide Eorpach), Rialachán (AE) 2018/841 (Rialachán ÚTAÚTF), Rialachán (AE) 2023/1115 (Rialachán an Aontais maidir le Dífhoraoisiú) agus Rialachán (AE) 2021/2115 (Rialachán na bPleananna Straitéiseacha i dtaca leis an gComhbheartas Talmhaíochta).

• Coimhdeacht agus Comhréireacht

Is páirtí in ITTA 2006 é an tAontas cheana féin, agus tá an tAontas agus a Bhallstáit ina rannpháirtithe gníomhacha san fhóram sin. Ba cheart don Aontas páirt a ghlacadh in aon chaibidlíocht maidir le comhaontú nua a chur ina ionad, chun a áirithiú go bhfuil sé iomchuí agus go bhfuil sé i gcomhréir le beartais agus cuspóirí an Aontais, ionas gur féidir leis an Aontas plé a dhéanamh ar bheith ina pháirtí ann.

Ina theannta sin, tá ITTO ag feidhmiú ar bhonn ITTA 2006 agus a réamhtheachtaithe le blianta fada anuas. Tá Boird Tráchtearraí eile bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta den chineál céanna. Tá dúshlán éagsúla roimh ITTO agus tá gá le lánéifeachtúlacht ar fud chóras na Náisiún Aontaithe. Dá bhrí sin, ag an gcéim seo, níor cheart don Aontas a eisiáil go mbeadh toradh difriúil ar an gcaibidlíocht, toradh nach mbeadh bunaithe ar chonradh.

• An rogha ionstraime

Tíolactar an moladh seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(3) agus (4) de CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena n-údarófar tús a chur leis an gcaibidlíocht agus lena n-ainmneofar idirbheartaí an Aontais. Féadfaidh an Chomhairle teoracha caibidlíochta a dhíriú chuig an idirbheartaí freisin. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d’fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a chuirtear in iúl sa mholadh seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

• Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana

Ní bhaineann le hábhar

• Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Ceartha bunúsacha**

I gcomhréir le hAirteagal 37 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ní mór ardleibhéal cosanta don chomhshaol agus feabhsú cháilíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i mbeartais an Aontais agus a áirithiú i gcomhréir le prionsabal na forbartha inbhuanaithe foraoisí. The proposed recommendation seeks authorisation for the opening of negotiations on a new ITTA 2006 in line with, among others, Union policies on the environment. Meastar go mbeidh tionchar dearfach ag an méid sin ar an gceart chun cosanta comhshaoil, mar a chumhdaítear in Airteagal 37 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní féidir impleachtaí buiséadacha beachta an tionscnaimh seo a chinneadh ag an bpointe seo ós rud é go bhfuil a raon feidhme agus a phríomheilimintí fós le caibidliú go hilaobhach.

Mar eolas, faoin ITTA 2006 atá ann cheana, íocann an tAontas ranníocaíocht bhliantúil le ITTO as a bhallraíocht féin agus as ballraíocht Bhallstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de ITTO. Cinntear an buiséad in ITTC gach 2 bhliain. Ba é USD 1 201 686,00 an ranníocaíocht mheasúnaithe le haghaidh 2026.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

D'fhéadfadh na forálacha a bheith ag brath ar éabhlóid na caibidlíochta.

Ní áirítear san ITTA atá ann faoi láthair ceanglais ar na Páirtithe tuairisciú a dhéanamh ar chur chun feidhme. Déantar foráil ann, áfach, maidir leis na Páirtithe sonraí ábhartha trádála agus margaidh a thíolacadh i bhfianaise tháirgí faisnéise ITTO.

Foilsíonn ITTC tuarascáil bhliantúil maidir lena ghníomhaíochtaí agus faisnéis eile de réir mar is iomchuí leis. Déanann ITTC athbhreithniú agus measúnú débhlíantúil ar staid idirnáisiúnta an adhmaid agus ar thosca eile atá ábhartha maidir le cuspóirí ITTA a bhaint amach. Soláthraíonn sé faisnéis freisin maidir le treochtaí faoin méid de thalamh na hEorpa a chumhdaítear le foraoisí, faoi bhainistiú foraoisí agus faoi gheilleagair tíortha is comhaltaí in ITTO. Le bunachar sonraí staidrimh ar líne ITTO, soláthraítear sonraí amshraithe (dar tús 1990) le haghaidh 83 tír, lena n-áirítear gach tír is comhalta in ITTO atá ina táirgeoir agus ina tomhaltóir, maidir le táirgeadh agus trádáil 16 tháirge adhmaid phríomhúla, amhail lomáin, adhmaid sáfa, veinír agus sraithadhmaid. Thairis sin, foilsíonn ITTO an Tuarascáil ar an Margadh Adhmaid Thrópaiceigh gach coicís, ina soláthraítear nuacht cothrom le dáta faoin margadh agus faoi threochtaí praghsanna ó gach cearn den domhan.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an mholta**

Molann an Coimisiún an méid seo a leanas:

- go n-údaróidh an Chomhairle an Coimisiún le páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a chuirfear in ionad ITTA 2006;
- go n-ainmneofar an Coimisiún mar idirbheartaí an Aontais;
- go ndéanfaidh an Coimisiún an chaibidlíocht i gcomhairle leis an gcoiste speisialta a d’ainmnigh an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) de CFAE; agus
- go bhformheasfaidh an Chomhairle na treoracha caibidlíochta atá san aguisín a ghabhann leis an moladh seo atá beartaithe.

Moladh le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta nó ionstraim eile a thiocfadh in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 192(1), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Thug an tAontas an Comhaontú Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach 2006 ('ITTA 2006') i gcrích le Cinneadh 2011/731/AE ón gComhairle¹⁵ agus tháinig sé i bhfeidhm an 7 Nollaig 2011 ar feadh tréimhse 10 mbliana. Cuireadh síneadh leis ar feadh tréimhse 5 bliana agus ansin ar feadh tréimhse 3 bliana eile. Ní féidir síneadh a chur leis tar éis an 6 Nollaig 2029.
- (2) Ba cheart don Aontas a bheith réidh chun páirt a ghlacadh sa chaibidlíocht maidir le comhaontú idirnáisiúnta a chur in ionad ITTA 2006, chun a áirithiú go mbeidh an comhaontú comharba, más ann dó, i gcomhréir le beartais an Aontais, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, éascú trádála, agus cuspóirí maidir le cosaint an chomhshaoil. Leis an gcomhaontú nua, ba cheart ionadaíocht chothrom do thíortha is táirgeoirí agus do thíortha is tomhaltóirí a áirithiú, tacú le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, trádáil dhlíthiúil agus inbhuanaithe in adhmad trópaiceach a chur chun cinn, agus creat airgeadais agus rialachais éifeachtach cothrom a bhunú.
- (3) Ba cheart raon feidhme comhaontaithe comharba a bheith comhionann nó comhchosúil le raon feidhme ITTA 2006. Dá gcuirfí leis an raon feidhme, ba cheart údar maith a bheith leis sin agus ba cheart a sheachaint leis go mbeidh forluí ann le hionstraimí nó próisis idirnáisiúnta eile.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaráítear rannpháirtíocht sa chaibidlíocht maidir le comhaontú comharba le dul in ionad an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta um Adhmad Trópaiceach.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar idirbheartaí an Aontais.

Airteagal 3

¹⁵ [Cinneadh - 2011/731 - EN - EUR-Lex](#)

Leis seo, dírtar chuig an gCoimisiún na teoracha caibidlíochta a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 4

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Thráchtarraí, a ainmnítear leis seo mar an coiste speisialta dá bhforáiltear in Airteagal 218(4) CFAE.

Airteagal 5

Is chuig an gCoimisiún a dhírtar an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*